



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 19.10.2023
COM(2023) 632 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

COSME

**Clár 2014-2020 um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus
mheánmhéide**

Tuarascáil Faireacháin 2020

Ábhar

1. Réamhrá.....	2
2. Gníomhaíochtaí agus torthaí in 2020.....	3
2.1 Cuspóir sonracha A: rochtain ar mhaoiniú	4
An tSaoráid Chothromais d'Fhás de chuid COSME (EFG)	4
Saoráid Iasachta faoi Ráthaíocht COSME	5
Bearta tionlacain (suirbhéanna, uirlisí faisnéise, ábhair chumarsáide agus imeachtaí)	6
2.2 Cuspóir sonracha B: rochtain ar mhargáí	6
An Líonra Fiontar Eorpach	6
Deasca cabhrach FBM idirnáisiúnta um maoin intleachtúil (an tSín, an Áise Thoir Theas, Meiriceá Laidineach agus an India)	7
An Lárionad um Chomhar Tionsclaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin	7
Soláthar	8
2.3 Cuspóir sonracha C: feabhas a chur ar choinníollacha creata agus iomaíochas	8
Braislí.....	8
Toscairí FBManna, tionól FBManna agus máistir-rang ar líne ag Cruinniú Mullaigh Gréasáin Liospóin	10
<i>EU Open for Business</i> [An tAontas ar oscailt faoi choinne gnó] – compás nua do FBManna.....	10
2.4 Cuspóir sonracha D: fiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn.....	10
3. Bearta tacaíochta agus caiteachas riaracháin.....	11
4. Rannchuidiú le spriocanna leis an aeráid, leis an bhforbairt Inbhuanaithe, leis an digitiú agus leis an inscne.	12
5. Conclúidí.....	13
larscríbhinn 1 – Buiséad COSME 2020 a chur chun feidhme.....	16
larscríbhinn 2 – Faisnéis faoin tír	18
larscríbhinn 3 – Samplaí de thionscadail agus de scéalta ratha	22
larscríbhinn 4 – Rannchuidiú leis an aeráid, leis an inbhuanaitheacht, leis an digitiú agus le spriocanna inscne	25

1. Réamhrá

Is clár de chuid an Aontais é COSME arb é is aidhm dó iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)¹. Cuireann COSME luach leo trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasnáisiúnta agus ar chlistí margaidh trí cheithre chuspóir shonracha:

1. feabhas a chur ar **rochtain ar mhaoiniú** le haghaidh FBManna i bhfoirm cothromais agus fiachais (60 % ar a laghad den bhuiséad iomlán le haghaidh 2014-2020);
2. feabhas a chur ar **rochtain ar mhargaí** laistigh agus lasmuigh den Aontas (21,5 %);
3. feabhas a chur ar **chreachoinníollacha** agus ar **iomaíochas** le haghaidh gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna (11 %);
4. **fiontraíochta** chur chun cinn (2,5 %).

Le clár COSME tugadh aird freisin ar thosaíochtaí eile sa Straitéis Eoraip 2020² amhail cuidiú le FBManna leas a bhaint as an nuálaíocht, rochtain ar scileanna agus oiliúint, agus an ról is féidir le FBManna a bheith acu sa chomhtháthú sóisialta (trí thacú le geilleagar sóisialta agus le fiontraíthe óga ar mná iad).

Forbraíodh go leor **sineirgí idir COSME agus cláir eile de chuid an Aontais atá ábhartha do FBManna**. Sampla amháin is ea ionstraimí airgeadais COSME a reáchtáladh i ndlúthchomhar leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)³ agus le hionstraimí airgeadais an chlár Fís 2020⁴. D'fhorbair an Líonra Fiontar Eorpach sineirgí le cláir éagsúla de chuid an Aontais lena n-áirítear Fís 2020 chun seirbhísí a sheachadadh agus chun oiliúint a chur ar an líonra. Tá comhar maith ann freisin idir an deasc cabhrach idirnáisiúnta um maoin intleachtúil agus deasca cabhrach um maoin intleachtúil a fhaigheann tacaíocht faoi chlár eile de chuid an Aontais. Sampla eile is ea an uirlis faireacháin a forbraíodh faoi 'Thionscnaimh le haghaidh Timpeallacht Thógtha' lena n-éascaítear faireachán ar ghníomhaíochtaí tógála i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

Rinneadh dul chun cinn i glár oibre 2020 maidir le cur chun feidhme ceann de na príomhmholtaí a d'éascair as an meastóireacht eatramhach⁵ ar chlár COSME: an gá atá le díriú ar bhearta straitéiseacha níos mó agus roinnt solúbthachta á coinneáil sa chlár an tráth céanna

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (COSME) (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE, IO L 347, 20.12.2013, lch. 33.

² I mí an Mheithimh 2010 d'fhorghuineadh an Chomhairle Eorpach 'An Eoraip 2020 – Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach'. Féach: <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/6a915e39-0aab-491c-8881-147ec91fe88a>

³ Cuireadh breisiú le Saoráid Ráthaíochta Iasachta (LGF) COSME ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) roinnt uaireanta. Rinneadh é sin toisc nárbh leor na hacmhainní a bhí ar fáil faoi LGF COSME chun éileamh an mhargaidh ar mhaoiniú FBManna a shásamh (i.e. iomlán na n-iarratas a fuair an Ciste Eorpach Infheistíochta ó idirghabhálaithe airgeadais). Ní úsáidtear acmhainní na Saoráide Cothromais d'Fhás (EFG) de chuid COSME le haghaidh infheistíochtaí ach amháin tar éis an acmhainn infheistíochta atá ar fáil san Ionú Méadaithe agus Fáis a ionsú faoi ionstraim Chothromais CEIS.

⁴ Tá Saoráid Ráthaíochta Iasachta (LGF) COSME ina cuid d'ionstraim airgeadais aonair fhiachas an Aontais d'fhás agus do thaighde agus nuálaíocht (T&N) fhiontair an Aontais, mar aon leis an tSaoráid Ráthaíochta do FBManna InnovFin a bunaíodh faoin glár Fís 2020. ionstraim airgeadais aonair um fhiachas an Aontais Tá an tSaoráid Chothromais d'Fhás de chuid COSME (EFG) ina cuid d'ionstraim airgeadais aonair chothromas an Aontais d'fhás agus do thaighde agus nuálaíocht (T&N) fhiontair an Aontais, mar aon leis an tsaoráid chothromais chéadchéime de chuid an chlár Fís 2020 (saoráid 'InnovFin – Caipiteal Fiontair FBM').

⁵ <https://data.europa.eu/doi/10.2873/87360>

chun smaointe nua a thástáil. Go háirithe, tacaítear le roinnt gníomhaíochtaí níos mó le haghaidh braislí faoi bhuiséad 2020.

Chomh maith leis na 27⁶ mBallstát de chuid an Aontais, ghlac na tíortha seo a leanas páirt in COSME in 2020: An Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv⁷, an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin⁸.

Leis an tuarascáil seo tugtar forbhreathnú ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí COSME a chistítear faoi bhuiséad 2020 an Aontais, mar a cheanglaítear le Rialachán COSME. Cumhdaítear léi freisin bearta tacaíochta agus costais riaracháin do bheartas FBManna arna chistiú faoi bhuiséad 2020. Is é seo an tuarascáil faireacháin fhoirmiúil dheireanach faoi COSME, ach leanfar leis an bhfaireachán inmheánach ar gníomhaíochtaí leanúnacha. Tá an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme foriomlán COSME. Tharmlig sé bainistiú na n-ionstraimí airgeadais (faoi chuspóir sonracha 1) chuig an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI). Rinneadh bearta faoi chuspóirí sonracha 2, 3 agus 4 an chláir a tharmligean go príomha chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (EASME)⁹. Rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta bainistiú indéreach ar gníomhaíochtaí áirithe anailíse agus tagarmharcála freisin.

Bhí tionchar áirithe ag **géarchéim COVID-19** ar go leor tionscadal ón mbliain airgeadais sin. Rinneadh tionscadail ina raibh imeachtaí agus ina raibh comhar duine le duine a aistriú chuig bealaí cumarsáide ar líne nuair ab fhéidir agus cuireadh roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar ceal nó ar athló¹⁰. In go leor cásanna d'oibrigh an t-aistriú chuig imeachtaí fíorúla go maith agus leanadh leis i ngníomhaíochtaí a rinneadh ina dhiaidh sin. I gcásanna áirithe, áfach, leis na himeachtaí agus na bealaí cumarsáide ar líne cuireadh teorainn le comhar níos doimhne¹¹.

2. Gníomhaíochtaí agus torthaí in 2020

Ba é EUR 2,3 billiún an buiséad pleanáilte foriomlán le haghaidh COSME in 2014-2020 (7 mbliana), na costais riaracháin san áireamh. Bhí sé beartaithe na gealltanais airgeadais a mhéadú de réir a chéile suas go dtí 2020, arbh í bliain dheireanach an chláir í. Ghlac an Coimisiún clár oibre bliantúil agus bearta tacaíochta tionlacain gach bliain.

⁶ Scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina Ballstát den Aontas ón 31 Eanáir 2020 ar aghaidh. Lean tairbhíthe na Ríochta Aontaithe a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí arna gcistiú faoi bhuiséad an Aontais ó 2019 nó ó bhlianta roimhe sin de bheith rannpháirteach sa chlár go dtí deireadh na ngníomhaíochtaí sin, agus bhí cead acu a bheith rannpháirteach in COSME go dtí deireadh na hidirthréimhse (an 31 Nollaig 2020).

⁷ Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

⁸ Soláthraítear leis an tuarascáil sin faisnéis áirithe faoin tír maidir le gníomhaíochtaí ag a raibh cumhdach geografach leathan tairbhíthe. Go ginearálta, dhírigh na critéir roghnúcháin le haghaidh dheontais COSME agus gníomhaíochtaí soláthair ar chritéir neamhgeografacha amháil comhlíonadh chuspóirí na gníomhaíochta agus cáilíocht na dtograí/na dtairiscintí. Bhí an ghné Eorpach tábhachtach freisin. Ní raibh buiséad leordhóthanach ag formhór gníomhaíochtaí COSME chun cumhdach geografach leathan tíortha incháilithe a sholáthar. Níl aon fhaisnéis faoin tír sa tuarascáil seo sna cásanna sin.

⁹ Ó bhí an 1 Aibreán 2021 ann tugtar ‘Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)’ ar an ngníomhaireacht sin. Úsáidtear an t-iarainm EASME ar fud na tuarascála seo.

¹⁰ Mar shampla, cuireadh eagrán 2021 de Phríomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste ar ceal toisc nach raibh an giúiré roghnúcháin in ann teacht le chéile de réir mar a bhí beartaithe. Cuireadh ar athló roinnt imeachtaí san Áise Thoir Theas, lena n-áirítear imeacht meaitseála braislí i Singeapór, mar gheall ar na srianta sláintíochta/taistil a bhí thar a bheith dian.

¹¹ Mar shampla, bhain Mísín Gheilleagar Sóisialta na hEorpa torthaí maithe amach, ach thuiriscigh páirtithe leasmhara gur chuir imeachtaí fíorúla teorainn le cáilíocht/doimhneacht an chomhair.

Cuireadh buiséad COSME chun feidhme trí cheithre líne bhuiséid le leithreasaithe arna sonrú sa chinneadh maoiniúcháin athbhreithnithe comhfhreagrach le haghaidh 2020¹² agus sa chinneadh maoiniúcháin le haghaidh bearta tacaíochta¹³. Tar éis ranníocaíochtaí ó thíortha nach tíortha den Aontas iad, leithreasaithe neamhúsáidte ón gclárthréimhse roimhe sin agus aistrithe ilghnéitheacha a chur san áireamh, bhí an buiséad a bhí ar fáil le haghaidh 2020 mar a leanas:

- (a) líne bhuiséid 02 01 04 01 le haghaidh caiteachas riaracháin: EUR 3 619 046;
- (b) líne bhuiséid 02 01 06 01 le haghaidh fheidmiú ghníomhaireacht EASME: EUR 10 330 544;
- (c) líne bhuiséid 02 02 01 le haghaidh an chaiteachais oibríochtúil eile ar fad: EUR 136 538 959;
- (d) líne bhuiséid 02 02 02 le haghaidh rochtain ar mhaoiniú caiteachais oibríochtúil: EUR 290 041 750.

Rinneadh foráil sa chinneadh maoiniúcháin le haghaidh bearta tacaíochta maidir le ranníocaíocht EUR 8 000 000, a áiríodh i líne bhuiséid 02 02 01 de bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh 2020.

Ar an meán, rinneadh 25 % de ghníomhaíochtaí COSME faoin mbuiséad oibriúcháin a tharmligean chuig EASME¹⁴. Rinneadh cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais a tharmligean chuig an gCiste Eorpach Infheistíochta (féach thíos).

EUR 440 530 299 a bhí sa bhuiséad bliantúil le haghaidh chlár COSME in 2020. San iomlán, bhí 99 % den bhuiséad sin geallta agus ba é 98 % ar an meán an ráta feidhmithe le haghaidh íocaíochtaí.

2.1 Cuspóir sonrach A: rochtain ar mhaoiniú

Sonraíodh i Rialachán COSME gur cheart ar a laghad 60 % de bhuiséad iomlán an chlár a leithdháileadh ar na hionstraimí airgeadais le haghaidh 2014-2020. Gealladh EUR 1,6 billiún ar an iomlán do na hionstraimí airgeadais le haghaidh na clárthréimhse 2014-2020, atá beagán os cionn 60 % de Bhuiséad iomlán COSME.

Gealltanais EUR 290 041 750 in 2020 le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais agus na mbeart tionlacain, lena n-áirítear rannpháirtíocht CSTE agus tíortha eile nach tíortha den Aontas iad.

Gealladh EUR 275 952 802 don tSaoráid Iasachta faoi Rátháocht (LGF) agus EUR 13 100 000 don tSaoráid Chothromais d'Fhás (EFG). Is éard atá sa mhéid sin 66 % de bhuiséad COSME in 2020.

An tSaoráid Chothromais d'Fhás de chuid COSME (EFG)

Tá EFG COSME tiomnaithe d'infheistíochtaí i gcistí caipitil riosca lena soláthraítear caipiteal fiontair agus airgeadas idirurláir do FBManna atá ag céim an fhorleathnaithe agus an fháis. Ba é EUR 13,1 milliún an méid iomlán a gealladh do EFG ar bhuiséad 2020. Ag deireadh 2021, bhí 23 chomhaontú ciste de chuid ciste EFG COSME sínithe¹⁵ agus ba é EUR 323 mhilliún ranníocaíocht fhoriomlán an Aontais a gealladh d'idirghabhálaithe

¹² C(2020)7044 final: [DocsRoom – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

¹³ C(2020)6322 final: [DocsRoom – An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

¹⁴ SEC(2013) 493 final: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52013SC0493\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52013SC0493(01)).

¹⁵ Díobh sin, bhain 16 chomhaontú le cistí ag céim an fháis agus an fhorleathnaithe agus bhain 7 gcinn le cistí ilchéime i gcomhcheangal leis an tSaoráid Chothromais InnovFin don luathchéim arna bunú faoin gclár Fís 2020.

airgeadais i mbuiséad COSME 2014-2020. Faoi na comhaontuithe sin, chuidigh EFG COSME le hinfheistíochtaí EUR 2,6 billiún¹⁶ ¹⁷ a sholáthar in 346 FBM incháilithe ag céim a bhforleathnaithe agus a bhfáis, agus meastar gur eascair EUR 4,9 billiún d'infheistíochtaí foriomlána as sin.

Faoi dheireadh 2021, ó fhoriomlán na n-infheistíochtaí dár luach EUR 2,6 billiún a soláthraíodh i 28 dtír ó bhuiséad COSME 2014-2020, infheistíodh 25 %de sa Ghearmáin, agus 19 %de sa Fhrainc agus 15 %de sa Ríocht Aontaithe

Rannchuidigh EFG COSME freisin leis an gclár ciste uile-Eorpach de chistí (VentureEU) a seoladh in 2017 chun scrogaill i maoiniú caipitil fiontair san Aontas a laghdú.

Saoráid Iasachta faoi Ráthaíocht COSME

Mar gheall ar éileamh ard leanúnach ar an margadh, méadaíodh an t-imchlúdach buiséid de chuid LGF COSME atá ar fáil (atá níos mó ná EUR 1,2 billiún le haghaidh 2014-2020) trí roinnt breisithe ó Thairseach FBM an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS). Is fiú beagnach EUR 1,5 billiún na breisithe uile le haghaidh 2014-2022. Chiallaigh sé sin go bhféadfaí leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm céimneach luathaithe an mhaoinithe arna ráthú ag an Aontas d'idirbhearta ardriosca FBManna. Thacaigh breisiú CEIS le hidirbhearta a bhaineann le leanúint de threoirionscadal an digitithe a seoladh in 2019 chun é a chur ar a gcumas d'idirghabhálaithe airgeadais tacaíocht fiachais níos leithne agus níos cuimsithí a sholáthar do FBManna le haghaidh an chlaohlaithe dhigitigh. Thacaigh an breisiú sin freisin le freagairt ar ráig víreas COVID-19 agus ar an tionchar eacnamaíoch a bhí aici in 2020 agus ina dhiaidh sin.

Faoi dheireadh 2021, síníodh 154 chomhaontú (frith)ráthaíochta le 128 n-idirghabhálaí airgeadais (institiúidí cur chun cinn, cumainn ráthaíochta, bainc thráchtála agus cuideachtaí léasaithe). Is éard a bhí sa mhéid sin rannchuidiú de bheagnach EUR 2,6 billiún ón Aontas, agus acmhainní COSME/CEIS le chéile ba chúis le EUR 2,5 billiún de.

Faoi na comhaontuithe sin faoi LGF COSME soláthraíodh ráthaíochtaí agus frithráthaíochtaí d'idirghabhálaithe airgeadais i 33 thír (26 Bhallstát agus 7 dtír eile atá rannpháirteach in COSME). Thacaigh sé sin le tacaíocht airgeadais dar luach EUR 50 billiún a sholáthar do bhreis agus 800 000 FBM sna tíortha sin (Féach Iarscríbhinn 2).

¹⁶ Leis an gCiste Eorpach Infheistíochta déantar infheistíochtaí i gcistí caipitil riosca idirghabhálacha a bhainistítear go príobháideach a dhéanann infheistíochtaí cothromais in FBManna. Ós rud é go dtugtar treoir don Chiste Eorpach Infheistíochta infheistíochtaí a dhéanamh in éineacht le hinfheisteoirí eile a infheistíonn i gcistí den sórt sin ar bhonn cothrom, spreagann an ranníocaíocht airgeadais AE ó chlár COSME infhaighteacht maoinithe infheistíochta breise sa chiste caipitil riosca sin. Is é an méid EUR 2,6 billiún i maoiniú slógtha an cistiú foriomlán a cuireadh ar fáil sna cistí riosca a ndearna an Ciste Eorpach Infheistíochta infheistíocht iontu. Ar an tríú dul síos, bhí éifeacht iolraitheora ag na hinfheistíochtaí sin, rud a spreag infheistíochtaí breise. Déantar an éifeacht iolraitheora a mheas ar bhonn mhodheolaíocht ríofa iolraitheora CEI-CEIS le haghaidh cothromais (e.g. EUR 1,9 d'infheistíochtaí slógtha le haghaidh EUR 1 den mhaoiniú slógtha), agus dá bhrí sin tagtar ar an bhfigiúr 4,9 billiún mar infheistíochtaí slógtha.

¹⁷ Beartaítear le Rialachán COSME infheistíochtaí ó EUR 2,6 billiún go EUR 3,9 billiún i 360 go 540 FBM. Rinneadh an EUR 2,6 billiún d'infheistíochtaí i 346 FBM go dtí 2021 agus tá sé beartaithe go mairfidh EFG COSME go dtí go ndéanfar na hoibríochtaí críochnaitheacha a fhoirceannadh, e.g. an 31 Nollaig 2034. Cuireadh na dúshláin shonracha a bhaineann leis an ionstraim airgeadais sin a chur chun feidhme san áireamh agus na spriocanna á gcur chun feidhme. Ba iad sin: (i) tosaíocht na n-oibríochtaí i dtíortha nach tíortha den Aontas iad atá rannpháirteach i gclár COSME agus go bhfuil an t-éileamh ar infheistíocht níos ísle sna tíortha sin; agus (ii) an t-achar is gá chun comhaontuithe a shíniú le cistí, rud a dteastaíonn ina leith ar dtús próisis chasta díchill chuí agus tiomsaithe airgid a chur i gcrích.

Bearta tionlacain (suirbhéanna, uirlisí faisnéise, ábhair chumarsáide agus imeachtaí)

Gealladh EUR 0,8 milliún ar an iomlán do bhearta tionlacain. Áiríodh leo sin gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cumarsáide chomh maith le suirbhé SAFE. Soláthraíonn **suirbhé SAFE ar rochtain ar airgeadas** d'fhiontair faisnéis ar staid airgeadais, riachtanais mhaoinithe, rochtain ar airgeadas agus ionchais FBManna. Tá sé thar a bheith úsáideach do cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise ar leibhéal an Aontais agus úsáideann na Ballstáit, anailísithe, an saol acadúil agus daoine eile é. Rinneadh suirbhé ar bheagnach 17 000 gnólacht ar fud 36 tír in 2020¹⁸.

2.2 Cuspóir sonracha B: rochtain ar mhargaí

Sonraíodh i Rialachán COSME gur cheart méid tascach 21,5 % den bhuiséad iomlán le haghaidh 2014-2020 a leithdháileadh ar rochtain ar mhargaí a éascú. Leithdháileadh méid iomlán EUR 85 mhiliún ar an gcuspóir sonracha sin in 2020, méid arb é 19,3 % de bhuiséad iomlán COSME le haghaidh na bliana é, a bheag nó a mhór.

An Líonra Fiontar Eorpach

Leis an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) soláthraítear tacaíocht nuálaíochta, comhpháirtíochta agus idirnáisiúnaithe ar ardchaighdeán do FBManna, rud a thacaíonn le fás, athléimneacht agus iomaíochas FBManna. **Le buiséad COSME 2020 comhaoiníodh seirbhísí EEN a soláthraíodh in 2021.** Bhí an líonra i ngach ceann de 27 mBallstát an Aontais, agus i dtíortha eile a bhí rannpháirteach i gclár COSME¹⁹. Lean an líonra freisin de sheirbhísí nua a fhorbairt agus a leathnú chun tacú le FBManna ina n-iarrachtaí digitiú a dhéanamh agus a bheith inbhuanaithe. Agus géarchéim COVID-19 fós ag imirt tionchar ar ghníomhaíochtaí gnó, léirigh EEN go bhfuil ar a chumas a chuid seirbhísí a oiriúnú chun cuidiú le FBManna dul i ngleic le dúshlán agus deiseanna nua. D'éirigh an líonra níos gníomhaí de réir a chéile maidir le cuidiú le FBManna dul i ngleic le bristeacha sa slabhra luacha agus cur lena n-athléimneacht.

Torthaí ar ghníomhaíochtaí EEN in 2021 (a comhaoiníodh faoi bhuiséad 2020):

- Sholáthair EEN seirbhísí um thacaíocht chomhairleach do 37 925 FBM.
- Chuidigh seirbhísí comhpháirtíochta EEN le cliant is FBManna ó gach tír líonra níos mó ná **2 592** chomhaontú comhpháirtíochta idirnáisiúnta a chruthú le cuideachtaí eachtracha in 2021.
- Chuidigh seirbhísí um thacaíocht chomhairleach EEN le breis agus ar 7 000 cliant in aghaidh na bliana feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus a nuálaíocht ar an leibhéal Eorpach.
- Shroich seirbhísí digiteacha EEN breis agus 20 milliún FBM.

Sna freagraí a thug siad ar shuirbhé sásaimh cliant EEN in 2021²⁰, dheimhnigh 92 % de na freagróirí go raibh siad sásta le seirbhísí EEN.

Bhí sineirgí láidre ann idir EEN agus an clár Fís 2020, a sholáthair cistiú don líonra chun tacar seirbhísí nuálaíochta breise atá sainithe go sonracha a sholáthar do FBManna (thar raon

¹⁸ <https://ec.europa.eu/docsroom/documents/43872>

¹⁹ An Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv, Montainéagró, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin. D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas go foirmiúil an 31 Eanáir 2020. Lean sí de bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí amhail EEN go dtí deireadh an chláir, ach ní raibh sí rannpháirteach a thuilleadh i struchtúir rialachais.

²⁰ Rinneadh an suirbhé sin ó mhí Aibreáin 2021 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021 agus fuarthas 2361 fhreagra.

feidhme sheirbhísí EEN COSME)²¹. Chomhoibrigh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (AS GROW) agus EASME freisin ar réimse leathan clár de chuid an Aontais chun EEN a bhainistiú, a chomhordú agus a oiliúint.

Deasca cabhrach FBM idirnáisiúnta um maoin intleachtúil (an tSín, an Áise Thoir Theas, Meiriceá Laidineach agus an India)

Tacaíonn deasca cabhrach FBM idirnáisiúnta um maoin intleachtúil le FBManna ina n-iarrachtaí idirnáisiúnta trí shainchomhairle a sholáthar dóibh maidir le conas a maoin intleachtúil a fhorfheidhmiú sa tSín, san Áise Thoir Theas, i Meiriceá Laidineach agus san India nó a bhaineann leis an tSín, leis an Áise Thoir Theas agus leis an India. Soláthraíonn na deasca cabhrach, i measc seirbhísí eile, comhairle chéadlíne, oiliúint ar úsáid agus bainistiú maoin intleachtúla i dtaca leis na spriocmhargaí sin, agus tacaíocht maoin intleachtúla do FBManna an Aontais le linn imeachtaí meaitseála is ábhartha do na spriocmhargaí. Comhoibríonn na deasca cabhrach freisin le deasca cabhrach um maoin intleachtúil arna maoiniú faoi chlár eile de chuid an Aontais²². D'fhreagair deasca cabhrach FBM um maoin intleachtúil na Síne, na hÁise Thoir Theas agus Mheiriceá Laidinigh 3 962 fhiosrúchán ar an líne chabhrach san iomlán agus d'eagraigh siad 440 seisiún oiliúna nó seimineár gréasáin agus beagán níos mó ná 6 500 rannpháirtí iontu. Chuir Deasc Chabhrach FBM um maoin intleachtúil na hIndia seirbhísí comhchosúla ar fáil agus rinneadh í a reáchtáil ar chonradh ar leithligh.

An Lárionad um Chomhar Tionsclaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin

Cothaíonn Lárionad um Chomhar Tionsclaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin comhar tionsclaíoch, trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus an tSeapáin agus cuireann sé le taidhleoireacht eacnamaíoch an Aontais i leith na tíre sin. Seirbhís thábhachtach amháin a sholáthraíonn an lárionad sin is ea 'Deasc Chabhrach CCE', a chuidíonn le cuideachtaí an Aontais leas a bhaint as an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin (CCE)²³. Sa tréimhse 2 bhliain a fuarthas tacaíocht ó bhuiséad COSME 2020 lena linn, d'eagraigh an lárionad raon leathan seimineár gréasáin lena n-áirítear 27 seimineár gréasáin de chuid CCE ina raibh 1 478 rannpháirtí, 76 sheimineár gréasáin maidir leis an tSeapáin agus onnmhairiú chuig an tSeapáin (agus 2 857 rannpháirtí san iomlán iontu), 11 seimineár gréasáin maidir leis an monaraíocht bhairneach (agus 502 rannpháirtí iontu), agus seimineáir ghréasáin faoi phríomhábhair bheartais de chuid an Aontais. Ina theannta sin, lean sé den chlár malartaithe suaitheanta Vulcanus sa tSeapáin agus deasc chabhrach um aistriú teicneolaíochta a reáchtáil, sholáthair sé anailís bheartais agus chuir sé 33 thuarascáil mhargaidh ar fáil le linn na tréimhse sin. Sa tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le hIdirnáisiúnta FBManna, rinneadh trácht dearfach ar

²¹ Sholáthair na seirbhísí sin tacaíocht shonrach do thairbhíthe EIC chun a dtionscadal a chur chun feidhme agus chuidigh siad le cuideachtaí atá an-nuálach feabhas a chur ar a n-acmhainní bainistithe nuálaíochta.

²² Deasc Cabhrach Idirnáisiúnta na hIndia um Maoin Intleachtúil (COSME), Deasc Cabhrach Maoin na hEorpa um Maoin Intleachtúil (Fís 2020), Deasc Cabhrach na hAfraice um Maoin Intleachtúil (Oifig Maoin Intleachtúla an Aontais Eorpaigh) agus an Eochair Maoin Intleachtúla (Ard-Stiúrthóireacht na Trádála) i gcás imeachtaí comhphárteacha maidir leis an maoin intleachtúil. Comhroinneann siad suíomh gréasáin le Deasca Cabhrach na hIndia, na hEorpa agus na hAfraice agus ghlac siad páirt mar sholáthraithe saineolais faoin maoin intleachtúil sna misin idirnáisiúnta maidir leis an Tairseach AE/Bealaí Gnó (arna maoiniú ag an Tionscnamh Beartais Eachtraigh) agus misin an gheilleagair chiorclaigh (Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil).

²³ Tháinig sé seo i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019. Féach: https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/japan/eu-japan-agreement/eu-japan-agreement-chapter-chapter_ga.

sheirbhísí lárionad AE-na Seapáine, ag tagairt go sonrath do leanúnachas agus breisíocht a seirbhísí, d'ardleibhéal shásamh na gcliant agus don dea-chomhar le EEN²⁴.

Soláthar

Bhí roinnt beart ann chun acmhainní na n-údarás soláthair a threisiú agus chun deiseanna nua a chruthú le haghaidh FBManna baint a bheith acu le hearraí, seirbhísí agus oibreacha nuálacha, inbhuanaithe agus ciorclacha a sholáthar don earnáil phoiblí. Cuireadh an tArdán Pobail le haghaidh Ceannaitheoirí Poiblí²⁵, a fhaigheann tacaíocht faoi bhuiséad 2020, i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023. Tacaíonn sé sin le comhar 10 ngrúpa 'ceannaitheoirí móra' chun faisnéis chomhpháirteach a fhorbairt maidir le riachtanais shonracha soláthair (lena n-áirítear an intleacht shaorga agus painéil ghréine). Tá an scéim um **Chómhaoiniú Sholáthar Poiblí na Nuálaíochta** ag cuidiú le húdaráis soláthair mhóra taithí luachmhar a fháil maidir le nuálaíocht réamhthráchtála a sholáthar trí dhá thionscadal leanúnacha. Tá na nithe sin ag treorú údarás trí na céimeanna éagsúla chun nósanna imeachta um Sholáthar Poiblí na Nuálaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus maidir le gníomhaíochtaí macasamhlaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Le ceann de na tionscadail sin dírithe ar an earnáil cúraim sláinte.

2.3 Cuspóir sonrath C: feabhas a chur ar choinníollacha creata agus iomaíochas

Sonraíodh i Rialachán COSME gur cheart méid tascach arb é 11 % den bhuiséad iomlán le haghaidh 2014-2020 a chaitheamh ar fheabhas a chur ar chreatchoinníollacha agus ar iomaíochas. Leithdháileadh EUR 47,9 milliún ar an gcuspóir sin in 2020, méid arb é 10,9 % de bhuiséad iomlán COSME é.

Braislí

Tacaíodh le ceithre mhórbheart i leith braislí faoi bhuiséad 2020: an tArdán Eorpach um Chomhar maidir le Braislí a sholáthraíonn réimse seirbhísí agus uirlisí chun tacú le braislí maidir le fothú acmhainneachta agus líonrú, dhá scéim chun tacú le hidirnáisiúnú braislí, a raibh ceann amháin díobh tiomnaithe d'earnáil na cosanta agus na slándála²⁶, agus an clár Eorpach um Barrfheabhas Braislí a sholáthair seirbhísí fothaithe acmhainneachta agus scéim le haghaidh malartuithe gearrthéarmacha idir braislí. Faoin scéim *Clusters Go International*, bronnadh 12 dheontas ar chuibhreannais a chuimsigh 64 bhraisle agus eagraíocht tacaíochta gnó ó 17 dtír AE/COSME. Tá cuid de na spriocanna sin dírithe ar spriocanna aeráide (féach Iarscríbhinn 4 thíos).

Ós rud é gur mhair na tionscadail braislí 3-4 bliana go ginearálta, bhí go leor díobh fós ar siúl nuair a thosaigh fogha na Rúise faoin Úcráin. Le roinnt de na tionscadail sin táthar ag tabhairt **tacaíochta d'fhiontraithe ón Úcráin**. Mar shampla, bhunaigh an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha **Fóram an Aontais um Thacaíocht Braislí don Úcráin** chun an tairiscint chuidithe a bailíodh, a fíoraíodh nó a bailíochtaíodh trí bhraislí Eorpacha a mheaitseáil le hiarrataí ó chomhpháirtithe na hÚcráine. Reáchtáil an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha suirbhé freisin chun comharthaí a bhailiú maidir le slabhraí

²⁴ Tuarascáil Speisialta 07/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Ionstraimí idirnáisiúnaithe do FBManna – Líon mór gníomhaíochtaí tacaíochta ach gan iad lán-chomhleanúnach ná comhordaithe. Cumhdaíodh leis sin an tréimhse airgeadais 2014-20.

²⁵ [Leathanach baile | Comhphobal na gCeannaitheoirí Poiblí \(europa.eu\)](#)

²⁶ Cuireann na tionscadail sin tacaíocht ar fáil do chomhar trasteorann agus trasearnála idir braislí Eorpacha chun straitéis chomhpháirteach idirnáisiúnaithe a fhorbairt agus chun tacú le hidirnáisiúnú FBManna lasmuigh den Eoraip.

soláthair ar an talamh ar cuireadh isteach orthu. Thairis sin, faoin tionscadal um Barrfheabhas na mBraislí BRIGHT, bhí toscaireacht seisear ionadaithe ó Comhghuaillíocht Bhraislí na hÚcráine (ba mhná iad ar fad mar gheall ar an gcogadh) rannpháirteach sa chlár 5 lá ClusterXchange.

An turasóireacht, tionscail faisin agus earnáil na stíle maireachtála

Tá na tionscail atá ar siúl faoi láthair in earnáil na **turasóireachta** a fhaigheann tacaíocht faoi bhuiséad 2020 ag cuidiú le FBManna borradh a chur faoin nglacadh atá acu leis an digitiú, leis an nuálaíocht, le teicneolaíochtaí nua agus leis an turasóireacht chliste trína gcomhar trasnáisiúnta agus go háirithe a naisc le héiceachórais nuálaíochta trasnáisiúnta a neartú. Áirítear ar na tionscail sin tacaíocht airgeadais dhíreach do FBManna le haghaidh oiliúna agus chun cuidiú leo a bpróisis ghnó a oiriúnú. Tá 9 dtionscadal ar siúl faoi láthair le 73 eagraíocht chomhpháirtíochta i 25 tír²⁷. Tacaíonn cuid de na tionscail sin freisin le spriocanna inbhuanaitheachta agus aeráide.

Is é is aidhm don **tionscadal WORTH** a mhaoineítear faoi bhuiséad COSME 2020 inniúlachtaí nuálaíochta agus iomaíochas FBManna sna tionscail faisin agus in earnáil na stíle maireachtála a neartú agus cuidiú leo lena n-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus na ceannaireachta digiti²⁸. Tacaítear leis le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta idir dearthóirí, FBManna, monaróirí agus soláthraithe teicneolaíochta chun smaointe gnó atá nuálach, inbhuanaithe agus dírithe ar dhearadh a fhorbairt. Baineann na comhpháirtíochtaí leas as clár goir, tacaíocht airgeadais tríú páirtí (EUR 10 000-20 000), cóitseáil, comhairle dlí maidir le cúrsaí maoinne intleachtúla agus tacaíocht don líonrú. Mar fhreagairt ar an gcéad ghlaó ar chomhpháirtíochtaí (maoiniú tríú páirtí) a dhíríonn ar an Bauhaus Eorpach, roghnaíodh 65 chomhpháirtíocht. Sa chlár goir 10 mí do na comhpháirtíochtaí sin bhí 975 uair an chloig de mheantóireacht shaincheaptha, 9 gceardlann (a raibh 5 cinn díobh ar líne) agus 52 mhodúl agus seimineár cóitseála bunúsaí ar líne. Tá nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh an dara ghlaó ar chomhpháirtíochtaí fós ar siúl.

Tacaíocht chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht tíre maidir leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga agus prionsabail Straitéise FBManna – comhaontú riaracháin leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde agus leis an Eorabharaiméadar

Tugadh socrú riaracháin i gcrích le hAirmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin chun tacaíocht eolaíoch a sholáthar don mheasúnú ar fheidhmíocht Bhallstáit an Aontais i gcur chun feidhme phrionsabail an Achta um Ghnólachtaí Beaga (SBA) agus prionsabail Straitéise FBManna. Shainaithin an tAirmheán Comhpháirteach Taighde tacar táscairí ar bhonn 10 ngné arna sainiú in éineacht le AS GROW agus rinne sé na rialuithe cáilíochta sonraí gaolmhara. Seoladh an tionscadal in 2020 agus úsáideadh na torthaí le haghaidh bhileoga eolais na dtíortha maidir le hAthbhreithniú ar Fheidhmíocht FBManna agus le haghaidh na tuarascála bliantúla a foilsíodh i mí Iúil 2021²⁹. Úsáidtear na bileoga eolais agus na tuarascálacha sin ar bhonn buan chun ceapadh beartas FBManna a threorú.

²⁷ An Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Íoslainn, an Iodáil, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Albáin, Montainéagró, an tSeirbia agus an Ríocht Aontaithe.

²⁸ Lena n-áirítear faisean agus teicstíl, coisbheart, leathar agus fionnadh, troscán/deisiú tí/dearadh inmheánach, seodra agus gabhálais.

²⁹ https://single-market-economy.ec.europa.eu/smes/sme-strategy/sme-performance-review_ga

In eagrán 2022 den **Fhlais-Eorabharaiméadar maidir le FBManna** a chistítear faoi bhuiséad COSME 2020, díriodh ar **éifeachtúlacht acmhainní agus ar mhargaí glasa**. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach pointe 4 thíos.

Toscairí FBManna, tionól FBManna agus máistir-rang ar líne ag Cruinniú Mullaigh Gréasáin Liospóin

Soláthraíodh seirbhísí in 2020 chun na nithe seo a leanas a eagrú: (i) ceithre chruinniú de Líonra Toscairí na FBManna³⁰ (ionadaithe riaracháin náisiúnta na mBallstát); (ii) Tionól na FBManna 2020 (imeacht fíorúil páirtithe leasmhara agus 984 thoscaire ar líne aige); agus (iii) máistir-rang ar líne i mí na Nollag 2020 ag an gCruinniú Mullaigh Gréasáin i Liospóin, a raibh níos mó ná 200 rannpháirtí ann³¹. Soláthraíodh leis na himeachtaí sin treoir agus comhairle luachmhar chun tacú le ceapadh beartas le haghaidh FBManna, lena n-áirítear tacaíocht do Líonra Toscairí na FBManna agus a thuarascáil bhliantúil le haghaidh 2020 agus a mholtaí maidir le gníomhú á n-ullmhú aige³².

EU Open for Business [An tAontas ar oscailt faoi choinne gnó] – compás nua do FBManna³³

I mí na Bealtaine 2021 réachtáladh imeacht oscailte agus clabhsúir agus sé sheimineár gréasáin a maoiníodh faoi bhuiséad COSME 2020 chun faisnéis phraiticiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara faoi chlár de chuid an Aontais agus faoi uirlisí tacaíochta do réimsí amháil an mhaoin intleachtúil, rochtain ar mhaoiniú, trádáil idirnáisiúnta agus an margadh aonair. Bhí idir 206 agus 370 rannpháirtí i ngach seimineár gréasáin, líon a sháraigh an sprioc fhoriomlán de 650, agus léirigh 80 % de na freagróirí freagraí dearfacha ar an suirbhé tar éis an imeachta³⁴.

2.4 Cuspóir sonrach D: fiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chur chun cinn

Foráiltear le Rialachán COSME gur cheart méid tascach 2,5 % den bhuiséad iomlán le haghaidh 2014-2020 a chaitheamh ar an bhfiontraíocht agus ar chultúr na fiontraíochta a chur chun cinn. Caitheadh EUR 3,6 milliún ar an sprioc sin in 2020³⁵ ³⁶, méid arb é 0,8 % de bhuiséad iomlán COSME é.

³⁰ Mí an Mheithimh 2020 (ar líne agus 46 rannpháirtí ann), mí Dheireadh Fómhair 2020 (ar líne agus 83 rannpháirtí ann), mí na Samhna 2020 (ar líne le linn Thionól na FBManna agus 67 rannpháirtí ann), agus mí na Nollag 2020 (ar líne agus 72 rannpháirtí ann).

³¹ Rinneadh imeacht fíorúil de na bunphleananna le haghaidh comhdháil fhisiceach i mBeirlín mar gheall ar dhianghlaisáil COVID-19.

³² Áirítear sa tuarascáil sin forléargas ar na treochtaí is déanaí i bhfeidhmíocht FBManna san Eoraip agus moltaí maidir le gníomhú <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/core/api/front/expertGroupAdditionalInfo/40291/download>. Cuireadh faoi bhráid na Comhairle Iomaíochais í i mí na Samhna 2020 (féach: An Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht) – Consilium europa.eu).

³³ https://commission.europa.eu/events/eu-open-business-new-compass-smes-2021-05-26_ga

³⁴ Maidir leis na ceisteanna ‘Ar spreag an seimineár gréasáin tú?’, ‘An spreagfaidh sé tú chun gníomhaíocht a dhéanamh?’, ‘Ar chomhlíon sé do chuid ionchas?’, ‘An molfá do dhaoine eile é?’ thug 80 % de na freagróirí freagra dearfach ina leith (ar an meán).

³⁵ Bhí an méid sin níos lú in 2020 mar gheall ar ghlaos Erasmus ar Fhiontraíthe Óga a bhí ar siúl in 2019.

³⁶ Thairis sin, tugadh tosaíocht níos airde d’ionstraimí airgeadais in 2020 (leithdháileadh 66 % de bhuiséad COSME orthu sin ach ba é 60 % an spriocfhigiúr le linn shaolré an chláir). Thacaigh na hionstraimí airgeadais freisin le spriocanna fiontraíochta.

Feabhas a chur ar Inniúlachtaí Digiteacha agus Fiontraíochta na gCailíní agus na mBan (ESTEAM)³⁷

Is é is aidhm don tionscadal seo a fhaigheann tacaíocht faoi bhuiséad COSME 2020 inniúlachtaí digiteacha agus fiontraíochta na gcailíní agus na mban a neartú, agus cur lena muinín. Leanfaidh sé ar aghaidh go dtí deireadh 2024. Reáchtáladh imeacht le haghaidh cailíní ina raibh 203 rannpháirtí agus 15 cheardlann áitiúla i mí na Bealtaine 2022, ar imeachtaí iad inar díriodh ar réiteach fadhbanna, cás-staidéar agus cleachtadh cur i láthair. Tionóladh an chéad Fest ESTEAM le haghaidh ban i mí an Mheithimh 2022 ina raibh seisiún iomlánach agus ceardlanna chun borradh a chur faoi scileanna fiontraíochta agus digiteacha. Soláthraíodh seirbhísí meantóireachta go dtí deireadh 2022.

Misin Gheilleagar Sóisialta na hEorpa

Chuir **Misin Gheilleagar Sóisialta na hEorpa** leis an taithí a fuarthas ar thionscnamh píolótach rathúil a reáchtáladh in 2018. D'eagraigh an tionscadal leantach sin, a maoiníodh faoi bhuiséad COSME 2020, sraith ceardlann ina raibh raon leathan páirtithe leasmhara sa gheilleagar sóisialta chun comhar idir-réigiúnach a fhorbairt trí dhea-chleachtais agus foghlaim idir-réigiúnach a chomhroinnt agus a mhacasamhlú. Bhí 88 n-eagraíocht is tairbhí ó 27 dtír AE/COSME. Eagraíodh breis agus 60 ceardlann maidir le misean an gheilleagair shóisialta agus tuairim agus 2 500 rannpháirtí iontu, agus tuairiscíodh 350 dea-chleachtas. Leis na tionscadail soláthraíodh sraith moltaí freisin chun feabhas a chur ar an ngeilleagar sóisialta réigiúnach/áitiúil agus cruthaíodh deiseanna agus dreasachtaí le haghaidh comhpháirtíochtaí a bheidh ann amach anseo.

3. Bearta tacaíochta agus caiteachas riaracháin

Maoiníodh bearta tacaíochta COSME faoi líne bhuiséid 02 02 01. Leithdháileadh EUR 6,2 milliún ar bhearta tacaíochta in 2020.

Eagraíodh comhdhálacha agus cruinnithe le páirtithe leasmhara chun na dúshláin atá le sárú ag earnálacha tionsclaíochta éagsúla a phlé. Ar na bearta tacaíochta eile áiríodh obair anailíse amhail staidéir chun tacú le ceapadh beartais agus uirlisí faisnéise a sholáthraíonn tacaíocht phraiticiúil do FBManna.

Leis an staidéar ar **chosaint dhlíthiúil rún trádála i gcomhthéacs an gheilleagair sonraí**³⁸ tugtar tacaíocht luachmhar do cheapadh beartais maidir leis an gcaoi ar féidir le cosaint dhlíthiúil rún trádála cuidiú le timpeallacht shábháilte a chruthú do chomhroinnt sonraí idir gnólachtaí, go háirithe in earnálacha straitéiseacha do gheilleagar sonraí na hEorpa. Cuimsíonn sé 13 chás-staidéar agus samplaí luachmhara iontu de conas a bhainistíonn gnólachtaí a rúin trádála. Sáraíodh go leor táscairí le haghaidh an staidéir sin ach bhí roinnt deacrachtaí ann ag na céimeanna idirmheánacha (bhí líon na bhfreagraí ar cheistneoirí faoi bhun na sprice mar gheall ar íogaireacht na sonraí, agus bhí gá le hathsceidealú áirithe mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le COVID-19).

Staidéar ar chuideachtaí meánchaipitlithe

³⁷ Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach [suíomh gréasáin an tionscadail](https://eismea.ec.europa.eu/esteam-fests-and-communities-girls-and-women_en) agus na físeáin ón gcéad dá FEST ESTEAM (https://eismea.ec.europa.eu/esteam-fests-and-communities-girls-and-women_en).

³⁸ <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/c0335fd8-33db-11ed-8b77-01aa75ed71a1>

Ós rud é nach dtagann gnólachtaí atá i mbun fáis agus cuideachtaí meánchaipitlithe faoi shainmhíniú ón gCoimisiún ar FBManna³⁹, is minic a eisiatar iad ó scéimeanna tacaíochta le haghaidh FBManna. Tá sé de chuspóir ag an staidéar seo faisnéis a bhailiú maidir le cuideachtaí meánchaipitlithe (staidreamh, agus faisnéis maidir le sainiúlachtaí na gcuideachtaí meánchaipitlithe agus na constaicí a bhíonn le sárú acu agus iad i mbun gnó agus fáis) agus measúnú a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le beartas tiomnaithe chun tacú leis na cuideachtaí sin agus chun tuilleadh leasa a bhaint as a gcumas poist a chruthú. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach i mí na Samhna 2022⁴⁰ agus scaipeadh í ar na páirtithe leasmhara ábhartha.

3 % den bhuiséad in 2020 a bhí i **gcaiteachas riaracháin**. Chumhdaigh sé cruinnithe saineolaithe, bearta faisnéise agus cumarsáide, agus costais an Choimisiúin (AS GROW) de EUR 3,3 milliún a bhaineann le líonraí TF agus le cúnaimh teicniúil agus riaracháin eile. EUR 9,9 milliún a bhí sa ranníocaíocht bhuiséadach ón gclár le haghaidh fheidhmiú ghníomhaireacht feidhmiúcháin EASME.

4. Rannchuidiú le spriocanna leis an aeráid, leis an bhforbairt Inbhuanaithe, leis an digitiú agus leis an inscne.

Tá léiriú gairid ar an gcaoi a gcuireann clár COSME leis na spriocanna sin ar fáil thíos, in éineacht le samplaí de ghníomhaíochtaí lena rannchuidítear le gach sprioc. **Tá tuilleadh faisnéise faoi rannchuidiú an chláir leis na cuspóirí príomhshruthaithe sin le fáil in Iarscríbhinn 4.**

Meastar gurb é EUR 25,6 milliún (6 % den leithdháileadh airgeadais in 2020) **ranníocaíocht chlár COSME leis an gcuspóir maidir le príomhshruthú na haeráide**, a leagtar amach le haghaidh chlár uile an Choimisiúin (20 % san iomlán de bhuiséad an Aontais 2014-2020). Níl aon rian ar rannchuidiú beacht fhormhór bhearta COSME le príomhshruthú na haeráide⁴¹, ach le go leor tionscadal agus beart dírithe aird áirithe ar an sprioc sin. I measc na samplaí suntasacha tá an tSaoráid Chothromais d'Fhás, an Líonra Fiontar Eorpach, gníomhaíochtaí tacaíochta éagsúla le haghaidh braislí lena n-áirítear idirnáisiúinú braislí, agus Comhpháirtíocht WORTH chun borradh a chur faoi iomaíochas agus acmhainn nuálaíochta FBManna i dtionscail stíle maireachtála.

Bhí Flais-Eorabharaiméadar ann freisin a bhí dírithe go sonrach ar éifeachtúlacht acmhainní FBManna agus ar mhargaí glasa, agus tá **Scórchlár Iomaíochais Thionscal Aeráidneodrachta na hEorpa (CIndECS)**, a forbraíodh faoi chomhaontú riaracháin leis an Airmheán Comhphárteach Taighde, beagnach críochnaithe. Tá an obair sin tar éis cur le roinnt mórthionscnaimh bheartais cheana féin, lena n-áirítear tuarascálacha tacaíochta ón bhFaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain agus ón Acht um an Tionscal Glan-nialasachta. Tá tuilleadh faisnéise le fáil in Iarscríbhinn 4 thíos.

Rannchuidiú go leor de bhearta COSME leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)** a leagtar síos i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Go háirithe, cuireann an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) agus Misin an Gheilleagair Shóisialta le SDG 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe). Le EEN, na tionscadail um

³⁹ [Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainiú](#)

⁴⁰ <https://www.esri.ie/system/files/publications/BKMNEXT429.pdf>

⁴¹ Mar chuid de go leor bearta de chuid COSME tugadh tacaíocht éigin do spriocanna a bhaineann leis an aeráid. Mar sin féin, toisc gur socraíodh é sin i gcónaí laistigh den chuspóir iomaíochais níos leithne, ní raibh aon bhuiséad ar leith ann go ginearálta do ghné aeráide na mbeart.

Barrfheabhas na mBraislí, agus bearta tacaíochta don turasóireacht (féach an digitiú thíos freisin), tugtar aghaidh ar SDG 9 (nuálaíocht thionsclaíoch atá cuimsitheach agus inbhuanaithe agus bonneagar athléimneach). Tugtar aghaidh ar SDG 12 (Patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe) i measc nithe eile leis an tionscadal WORTH do na tionscail stíle maireachtála.

Tá roinnt **bhearta de chuid COSME ann freisin a rannchuidíonn le spriocanna an digitithe**. Áirítear orthu sin tionscadaí chun dlús a chur leis an digitiú, leis an nuálaíocht agus le glacadh teicneolaíochtaí nua in earnáil na turasóireachta, agus soláthar poiblí tionscadal nuálaíochta chun cuidiú le húdarais nuálaíocht réamhiomaíoch a cheannach i réimsí amhail an intleacht shaorga agus tionscadaí braislí chun crostoirchiú agus malartú taithí a spreagadh maidir le teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an tionscail agraibhia, gluaisteán, teicstílí agus beachtleighis.

Cé nach bhfuil aon chuspóir ná sprioc **inscne** san áireamh go sonrath i Rialachán COSME, leis na bearta a fhaigheann tacaíocht faoin gclár urramaítear prionsabail an chomhionannais inscne agus cuirtear gné na hinscne san áireamh. Is é is aidhm don tionscadal ESTEAM a luaitear i bpointe 2.4 thuas borradh a chur faoin digitiú agus faoi inniúlachtaí fiontraíochta agus faoi mhuintín fiontraithe ar mná agus cailíní iad. Tá roinnt sonraí ar fáil freisin maidir le tairbhíthe ionstraimí airgeadais agus comhordaitheoirí tionscadal ar mná iad.

5. Conclúidí

Ba é 99 %ráta forghníomhaithe an bhuiséid oibriúcháin le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí araon. Leis sin leantar de ráta ard forghníomhaithe na ngealltanais agus léirítear feabhas ar íocaíochtaí oibriúcháin a fhorghníomhú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí rochtain ar airgeadas ina phríomhchuspóir, agus 66 % den bhuiséad feidhmithe dírithe ar a chur chun feidhme. In 2020, leis an tSaoráid Rátháíochta Iasachta (LGF) de chuid COSME cuireadh ar a gcumas d'idirghabhálaithe airgeadais leanúint de thacaíocht airgeadais a sholáthar do FBManna a measadh níos mó riosca a bheith ag baint leo agus a raibh deacrachtaí acu maoiniú fiachais a fháil. Ar an iomlán, meastar go nginfidh LGF COSME níos mó ná EUR 67 mbilliún de mhaoiniú i gcaitheamh shaolré an chláir. I gcás na Saoráide Cothromais d'Fhás (EFG) de chuid COSME, bhí na figiúirí le haghaidh infheistíocht in FBManna ag céim an fhorleathnaithe agus an fháis ar an mbóthar ceart chun na bunspriocanna fadtéarmacha a bhaint amach. Cuireadh na dúshlán shonracha a bhaineann leis an tsaoráid seo a réachtáil san áireamh agus na spriocanna á gcur chun feidhme.

Leanadh den dul chun cinn i gclár oibre 2020 i dtreo ceann de phríomh-mholtaí na meastóireachta meántearma ar an gclár a chur chun feidhme: díriú ar ghníomhaíochtaí straitéiseacha atá níos mó agus, an tráth céanna, roinnt solúbthachta a choinneáil chun smaointe nua a thástáil. Maidir le tionscnaimh shuaitheanta amhail EEN, Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga agus na hionstraimí airgeadais, bhain 75 % de na gealltanais do bhuiséad COSME in 2020 leo sin.

In 2021, sholáthair EEN (arna chómhaoiniú faoi bhuiséad 2020) seirbhísí comhairleacha breisluacha do 37 925 FBM⁴² chun borradh a chur faoina n-iomaíochas idirnáisiúnta agus faoina n-inbhuanaitheacht. Bhain seirbhísí digiteacha an líonra breis agus 20 milliún FBM amach. Ina theannta sin, sholáthair an líonra tacaíocht luachmhar do FBManna le linn

⁴² Fuair na FBManna sin réimse seirbhísí a bhí curtha in oiriúint dá riachtanais shonracha ag pointí éagsúla ama. Cuid lárnach de shamhail seachadta seirbhísí EEN is ea caidreamh níos fadtéarmaí a bhunú le FBManna agus tacú leo sa mheántearma chun cuidiú leo dul i ngleic le réimse iomlán na saincheisteanna, na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhfuil aghaidh á tabhairt acu orthu.

ghéarchéim COVID-19, agus chuir sé a sheirbhísí agus a shamhlacha seachadta seirbhíse in oiriúint i gcás inar ghá.

Bhí go leor gníomhaíochtaí eile ar fud an chláir indealaithe mar gheall ar a ndeafheidhmíocht agus a gcáilíocht seirbhíse. Mar shampla, sholáthair an Lárionad idir an tAontas agus an tSeapáin réimse leathan seirbhísí chun cuidiú le FBManna gnó a dhéanamh leis an tSeapáin, agus maidir leis an taidhleoireacht eacnamaíoch. Sholáthair na deasca cabhrach idirnáisiúnta um maoin intleachtúil comhairle luachmhar, seisiúin oiliúna luachmhara agus imeachtaí luachmhara do FBManna maidir le cúrsaí maoin intleachtúla a bhaineann leis an tSín, leis an Áise Thoir Theas, le Meiriceá Laidineach (lena n-áirítear 440 seisiún oiliúna agus 6 569 rannpháirtí iontu) agus leis an India.

Le gníomhaíochtaí atá níos lú soláthraíodh tacaíocht úsáideach freisin chun cuidiú le FBManna nuálaíocht a dhéanamh agus feabhas a chur ar a n-iomaíochas agus a n-inbhuanaitheacht. Mar shampla, thacaigh an chéad ghlaio ar chomhpháirtíochtaí faoin tionscadal WORTH le haghaidh na dtionscal faisin agus na n-earnálacha stíle maireachtála le 65 chomhpháirtíocht dearthóirí, FBM, mhonaróir agus sholáthraí teicneolaíochta trí chlár goir 10 mí lena n-áirítear 975 uair an chloig de mheantóireacht shaincheaptha. Foilsíodh glaonna breise ar chomhpháirtíochtaí chun leanúint leis an tacaíocht sin. Bhí roinnt tionscadal ann freisin i gcomhar le húdaráis soláthair chun deiseanna nua a chruthú do FBManna chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a sholáthar don earnáil phoiblí.

Ar deireadh, d'eascair torthaí luachmhara agus anailís stóinsithe a úsáideadh chun tacú le hobair bheartais as roinnt staidéar a maoiníodh faoin gclár, lena n-áirítear Scórchlár Iomaíochais Thionscal Aeráidneodrachta na hEorpa, an staidéar ar chosaint dhlíthiúil rún ceirde i gcomhthéacs an gheilleagair sonraí, agus an staidéar ar chuideachtaí meánchaipitlithe.

Léirigh clár COSME a éifeachtacht freisin maidir le cuidiú le FBManna dul i ngleic le dúshláin nua. Sheol roinnt gníomhaíochtaí agus tionscadal lena dtacaítear faoi bhuiséad 2020, lena n-áirítear EEN, seirbhísí sonracha chun cuidiú le FBManna déileáil le saincheisteanna a bhaineann le géarchéim COVID-19. Maireann go leor tionscadal de chuid COSME 3-4 bliana. Ó bhí 2022 ann tá tionchar ag **fogha míleata na Rúise faoin Úcráin** ar líon beag tionscadal atá fós ar siúl a maoiníodh le buiséad 2020. I gcás inarb iomchuí, formheasadh síntí i bhfad na dtionscadal sin le coigeartuithe ar ghníomhaíochtaí chun na dálaí géarchéime a chur san áireamh. Sampla amháin is ea an tionscadal P2GREEN-EST arb é is aidhm dó cuidiú le FBManna an Aontais rochtain a fháil ar sholáthar lasmuigh den Aontas agus an Úcráin ina spriocmhargadh ainmnithe⁴³. Le déanaí, bhí cuid de thionscadail COSME 2020 a bhí fós ar siúl ag tús fhogha na Rúise faoin Úcráin in ann a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun cuidiú le gnólachtaí an Aontais dul i ngleic le dúshláin ghaolmhara amhail saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair agus roinnt tacaíochta a thabhairt do ghnólachtaí na hÚcráine (féach pointe 2.3 thuas).

Rinneadh naisc le cláir agus cistí eile de chuid an Aontais a bharrfheabhsú. Mar shampla, fuair LGF COSME EUR 714 mhilliún breise a bhuí le ráthaíocht EUR 1 bhilliún do CEI ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. Baineadh úsáid as sin chun tacú le FBManna a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar shaincheisteanna leachtachta mar gheall ar ghéarchéim COVID-19. D'fhorbair Líonra EEN sineirgí le Fís 2020, leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) agus le raon leathan clár agus scéimeanna tacaíochta de chuid an

⁴³ Ós rud é gur cuireadh isteach go mór ar an tionscadal seo nuair a bhris an cogadh amach, rinneadh an comhaontú deontais a reo. Tar éis athmheastóireacht a dhéanamh ar an gcás roinnt míonna ina dhiaidh sin, leasaíodh an comhaontú deontais chun spriocthír bhreise neamh-AE a chur san áireamh, rud a d'fhág go bhféadfaí gníomhaíochtaí an tionscadail a atosú.

Aontais. Bhí roinnt samplaí ann freisin den chomhar le tionscadail de chuid COSME atá ar siúl faoi láthair nó a bhí ann roimhe seo. B' amhlaidh an cás go háirithe i gcás EEN, WORTH agus roinnt de na gníomhaíochtaí soláthair.

Maidir le bearta reatha COSME ó 2020, leanfar den fhaireachán, agus aird ar leith á tabhairt ar bhearta a athsceidealáíodh de dheasca COVID agus ar chásanna inar sainaitníodh saincheisteanna sonracha. Áirithíodh leis an bhfaireachán rialta freisin go ndearnadh an buiséad a ath-leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí is rathúla agus is ró-shuibscríofa. Mar shampla, leithdháileadh EUR 815 107 den fhuílleach ó chlár oibre 2020 ar thionscadail ar an liosta ionadaithe le haghaidh an ghlaio turasóireachta chun borradh a chur faoi ghlacadh an digitithe, na nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua san earnáil. Sampla eile is ea an t-aistriú ó EFG COSME go LGF COSME.

Cuirfear taithí an chleachtaidh faireacháin sin san áireamh freisin agus bearta á múnú do na blianta atá le teacht, go háirithe an obair chun leanúnachas níos fearr a áirithiú maidir leis na gníomhaíochtaí suaitheanta⁴⁴ agus an obair leanúnach chun clár oibre Cholún FBManna 2024 a ullmhú.

Tríd is tríd, tá bearta COSME 2020 ar an mbóthar ceart chun a gcuspóirí a bhaint amach. Tá a spriocanna bainte amach cheana féin ag go leor beart agus tá na tionscadail sin a ndearna géarchéim COVID difear dóibh ar ais ar an mbóthar ceart. Leis na bearta a dtacaítear leo faoin gclár, leantar den iomaíochas, den fhás agus den fhostaíocht a chothú, agus tá go leor tionscadal ar fud an chláir, go háirithe EEN agus na bearta tacaíochta do bhraislí, tar éis a gcumas a léiriú maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha FBManna agus freagairt go solúbtha ar dhúshláin nua.

⁴⁴ Tugtar tacaíocht dóibh sin anois faoi Cholún FBManna chlár an mhargaidh aonair. Anois is gníomhaíochtaí ilbhliantúla go háirithe iad Líonra EEN, Erasmus le haghaidh Fiontraíthe Óga agus na Tionscnaimh Chomhpháirteacha le haghaidh Braislí Fiontar a bhainfidh leas as comhchistiú go dtí 2024 chun leanúnachas meántéarmach níos fearr a sholáthar do na seirbhísí sin. Féach freisin mír 3 de na conclúidí seo.

Iarscríbhinn 1 – Buiséad COSME 2020 a chur chun feidhme
(tá na figiúirí ar fad ina euro)

Líne bhuiséid		Gealltanais			Íocaíochtaí			
		<i>gach foinse cistí</i>			<i>gach foinse cistí</i>			
		Buiséad Tosaigh	Buiséad a cuireadh chun feidhme	Forghníomh ú %		Creidmheasanna atá ar fáil le haghaidh íocaíochtaí	Íocaíocht a forghníomhaíodh	Forghníomh ú %
02 02 02	Rochtain ar mhaoiniú	290 041 750	290 041 750	100 %		333 931 327	328 837 656	98 %
02 02 01	Rochtain ar mhargáí, timpeallacht ghnó agus fiontraíocht							
	curtha i bhfeidhm ag GROW	10 049 697	10 026 133	100 %		8 901 623	8 878 059	100 %
	tarmligthe chuig EASME	126 489 262	123 066 819	97 %		132 390 902	132 390 902	100 %
	iomlán	136 538 959	133 092 952	97 %		141 292 525	141 268 961	100 %
02 01 04 01	Buiséad riaracháin	3 619 046	3 333 968	92 %		3 619 046	1 033 829	29 %
02 01 06 01	EASME – buiséad riaracháin (oibriúcháin)	10 330 544	9 916 195	96 %		10 330 544	9 916 195	96 %
	Buiséad iomlán	440 530 299	436 384 865	99 %		489 173 442	481 056 641	98 %


Iarscríbhinn 2 – Faisnéis faoin tír

1. Ionstraimí airgeadais

Is éard atá sna graif thíos miondealú geografach ar an tacaíocht airgeadais a fuair FBManna i dtíortha éagsúla. Toradh carnach atá san fhaisnéis faoin tír atá bunaithe ar ghealltanais uile 2014-2020. I gcás ionstraimí airgeadais, i ngeall ar a ndearadh cur chun feidhme, rannchuidíonn gealltanais bhliantúla leis na torthaí foriomlána, atá bunaithe ar bhuiséid a gealladh sna blianta roimhe sin freisin.

An tSaoráid Chothromais d’Fhás


Ag deireadh 2021 rinneadh infheistíochtaí iomlána EUR 2,6 billiún ó bhuiséad COSME 2014-2020 i 28 dtír (infheistíodh 25 % den mhéid sin sa Ghearmáin, 19 % sa Fhrainc agus 15 % sa Ríocht Aontaithe).



An tSaoráid Iasachta faoi Ráthaíocht

Éagsúlú geografach

Faoi dheireadh 2021 chuir LGF ráthaíochtaí agus frithráthaíochtaí ar fáil d'idirghabhálaithe airgeadais i 33 thír (26 Bhallstát agus 7 dtír atá rannpháirteach in COSME). Thacaigh sé sin le maoiniú EUR 50 billiún a dháileadh ar bhreis agus 800 000 FBM.



* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tagann sé le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Rannpháirtíocht tíortha le haghaidh chuspóirí sonracha 2-4 (rochtain ar mhargaí, feabhas a chur ar chreatdálaí agus ar an iomaíochas, agus an fhiontraíocht)

Roghnaíodh tionscadail COSME agus úsáid á baint as na critéir a leagtar síos sna glaonna, go háirithe ábharthacht, cáilíocht agus tionchar na dtograí. Cuirtear an ghné Eorpach san áireamh freisin. Níor roghnaíodh tionscadail ar bhonn critéir gheografacha amháin, áfach.

Le Líonra EEN arna mhaoiniú faoi bhuiséad 2020, cumhdaíodh Ballstáit uile an Aontais agus cuireadh seirbhísí ar fáil do FBManna i ngach réigiún den Aontas. Bhí comhaltaí de EEN san Íoslainn agus i dtíortha comhlachaithe freisin a bhí rannpháirteach sa chlár. Cé gur fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas go foirmiúil an 31 Eanáir 2020, lean sí de bheith rannpháirteach in EEN go dtí deireadh an chláir, ach ní raibh sí rannpháirteach a thuilleadh i struchtúir rialachais.

Bhí raon maith tairbhíthe ar fud Bhallstáit éagsúla an Aontais agus tíortha rannpháirteacha eile ag go leor de na gníomhaíochtaí níos mó eile freisin, mar a léirítear thíos.

Líon na dtairbhíthe de réir tíre i gcás ceithre cinn de na gníomhaíochtaí níos mó de chuid COSME

Tír	Barrfheabhas na mBraislí	Turasóireacht: TOURINN*	Misin Geilleagair Shóisialta na hEorpa	Idirnáisiúnú na mBraislí (gach earnáil lena n-áirítear earnáil na cosanta)	Iomlán na gceithre ghníomhaíocht sin
An Albáin	0	1	0	0	1
An Ostair	0	0	1	0	1
An Bheilg	0	3	7	4	14
An Bhulgáir	2	2	1	2	7
An Chipir	0	1	0	2	3
An tSeicia	3	1	1	0	5
An Ghearmáin	5	3	2	2	12
An Danmhairg	3	1	1	3	8
An Eastóin	2	0	1	1	4
An Ghréig	1	2	3	0	6
An Spáinn	14	14	13	16	57
An Fhionlainn	2	2	2	0	6
An Fhrainc	7	2	5	14	28
An Chróit	0	5	3	0	8
An Ungáir	3	1	3	1	8
An Íoslainn	0	1	0	0	1
Éire	0	0	5	0	5
An Iodáil	7	11	12	12	42
An Laitvia	1	0	1	0	2
An Liotuáin	6	0	0	0	6
Lucsamburg	0	0	0	0	0
Málta	0	1	1	0	2
Montainéagró	0	1	0	0	1
An Ísiltír	2	1	5	2	10
An Pholainn	4	1	3	3	11
An Phortaingéil	5	6	7	5	23
An Rómáin	4	2	1	2	9
An tSeirbia	1	4	1	1	7
An tSualainn	2	0	2	1	5
An tSlóvaic	0	1	0	1	2

An tSlóivéin	0	5	3	3	11
An Tuirc	1	0	3	0	4
An Ríocht Aontaithe	1	1	1	0	3
Iomlán	76	73	88	75	312

Maidir leis na chéad trí ghlaio sa tábla seo (Barrfheabhas na mBraislí, TOURINN* – Borradh a chur faoi ghlacadh an digitithe, na nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua sa turasóireacht trí bhíthin comhar trasnáisiúnta agus fothú acmhainneachta, agus Misin Geilleagair Shóisialta na hEorpa), tá tairbhíthe ann ó bheagnach gach Ballstát den Aontas, agus roinnt rannpháirtíochta ón Íoslainn agus ó thíortha comhlachaithe. Cumhdaíonn na tionscadail um idirnáisiúnú braislí formhór na mBallstát den Aontas:

- Barrfheabhas na mBraislí: 76 eagraíocht chomhpháirtíochta ó 22 Bhallstát de chuid an Aontais agus ó thíortha eile atá rannpháirteach sa chlár;
- Borradh a chur faoi ghlacadh an digitithe, na nuálaíochta agus teicneolaíochtaí nua in earnáil na turasóireachta (TOURINN): 73 eagraíocht chomhpháirtíochta i 25 tír;
- Misin Geilleagair Shóisialta na hEorpa: 88 n-eagraíocht is tairbhí ó 27 mBallstát an Aontais;
- Idirnáisiúnú braislí (lena n-áirítear an ghníomhaíocht idirnáisiúnaithe Braislí do FBManna in earnáil na cosanta freisin): 75 thairbhí i 18 mBallstát.

I gcás gach ceann de na ceithre scéim sin, bhí leibhéil rannpháirtíochta níos airde ann go háirithe i gcás na Spáinne agus na hIodáile agus, go pointe níos lú, na Fraince agus na Gearmáine. Mar sin féin, ní gá gurb é sin an treocht do gach beart COSME agus/nó do gach bliain den chlár. Bheadh sé úsáideach an méid sin a fhiosrú a thuilleadh sa mheastóireacht deiridh leanúnach ar an gclár.

Bosca téacs 1. Sampla de thionscadal EFG COSME – Finnsiirto – an Fhionlainn – Innealra

Feidhmíonn Finnsiirto, atá lonnaithe in Lieto, díreach soir ó Turku in Iardheisceart na Fionlainne, i réimse na ndíolachán forcardaitheoirí gairmiúla agus na lóistíochta. Déanann sé iarrachtaí leanúnacha nuáil a dhéanamh agus athruithe beaga a dhéanamh chun é féin a dhealú óna iomaitheoirí, agus é ag díriú ar athruithe ar mhaith lena chustaiméirí a fheiceáil: ‘Bímid i gcónaí ag iarraidh smaoineamh ar ar mhaith linn dá mba chustaiméirí sinn,’ a mhíníonn Kalle Dahlman, Stiúrthóir Tráchtála Finnsiirto. Ar dtús, dhíol sé forcardaitheoirí allmhairithe athlámhe. Le himeacht ama, thosaigh sé ag díriú ar fhlíteanna a ligean ar cíos agus a chothabháil, in ionad feithiclí aonair a dhíol, agus thosaigh sé ag fás go han-tapa.

Thosaigh sé ar infheisteoir a lorg chun an fás tapa sin a mhaoiniú agus bhuail sé le Folmer, gnólacht cothromais phríobháidigh lena dtacaíonn CEI. ‘I ndiaidh an chéad chruinnithe, ba léir dúinn go raibh an dá thaobh réidh agus go raibh muinín acu as a chéile.’ Leis an infheistíocht ó Folmer b’fhéidir le Finnsiirto borradh mór a chur faoi mhéideanna, an fhoireann a neartú, cur leis an stoc agus ceanncheathrú nua a thógáil. ‘Chuir sé i riocht i bhfad níos láidre sinn,’ arsa Kalle. Ó shin i leith, tá an chuideachta ag fás i gcónaí, agus a cuid gnó sna Stáit Bhaltacha á leathnú aici le hoifig díolacháin i dTaillinn mar aon le dhá chuideachta eile a cheannach, Simeri agus Suomen Telakone, agus tá na trí chuideachta le chéile ar cheann de na cuideachtaí innealra is mó san Fhionlainn.

Tuilleadh eolais – [Cás-staidéar Folmer: Finnsiirto \(an Fhionlainn\), Innealra – EGF COSME/CEIS \(eif.org\)](#)

Bosca téacs 2. Sampla de thionscadal de chuid LGF COSME – GardenLiving – an Fhionlainn – an ghairneoireacht agus dearadh glas inmheánach

Is gnólacht nuálach gairneoireachta Fionlannach é GardenLiving a dhíolann táirgí gairdín agus a sholáthraíonn seirbhísí amháil ailtireacht tírdhreacha, dearadh glas inmheánach, agus cothabháil agus athchóiriú gairdíní. Cuireann a chuid seomraí taispeántais spás tarraingteach nuálach ar fáil do chustaiméirí chun plandaí agus ábhair ghairdín a cheannach agus chun dul i gcomhairle le saineolaithe le haghaidh comhairle. Faigheann Eva Wuite, bunaitheoir agus bainisteoir GardenLiving, ar leath-Ollannach agus leath-Fhionlannach í, a cuid inspioráide ó nádúr na Fionlainne agus ó na treochtaí san Ísiltír. Le teacht COVID-19, cuireadh gach rud faoi dhianghlas agus cuireadh deireadh le gach ordú le haghaidh earraí gairdín láithreach. Ach bhí billí le híos – mar bhí a chuid stoc don séasúr ar fad ceannaithe aige cheana féin (mí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair).

D’éirigh le GardenLiving iasacht arna ráthú ag an Aontas a fháil trí Finnvera, le tacaíocht ó CEI: ‘Bhí an iasacht bhreise sin de dhíth orainn chun an tréimhse dheacair sin a chumhdach. Chuidigh sí leis an ngreim a choimeád faoin bhfiacail agus chuir ar ár gcumas dúinn freisin ár seirbhísí a leathnú agus pleanáil don ríomhthráchtáil agus an dara tonn ag éirí níos déine. Thug an sreabha airgid níos mó ama dúinn frithghníomhú.’ Tá Eva muiníneach go mbeidh go leor deiseanna ag an ngnólacht san am atá le teacht. ‘Má tá rud amháin gur féidir liom a insint duit go cinnte, is éard atá ann go mbraitheann tú go maith i ndiaidh bearta glasa a dhéanamh,’ a chríochnaíonn sí.

Bosca téacs 3. Scéal ratha de chuid EEN – W•SENSE – an Iodáil – líonrú gan chábla faoi uisce

In 2017 d'fhorbair W•SENSE, seach-chuideachta de chuid Ollscoil Sapienza, an Róimh, réiteach chun idir-inoibritheacht líonrú gan chábla faoi uisce a ráthú. Mar gheall ar úrnuacht na teicneolaíochta ceannródaíche sin agus ar an éileamh ard, thosaigh W•SENSE ag fás go tapa. Go tobann bhí méadú mór ar chaipiteal oibre ag teastáil uaidh chun a chuid conarthaí a chur i bhfeidhm. D'ainneoin a theicneolaíochta ceannródaíche agus an éilimh aird, dhiúltaigh cúig bhanc éagsúla iasacht a thabhairt dó.

Chuaigh W•SENSE i dteagmháil leis an mbrainse áitiúil den Líonra Fiontar Eorpach (EEN) ag Unioncamere Lazio agus bhain sé tairbhe as seirbhísí comhairleora EEN maidir le huas-scálú. I measc nithe eile, chuidigh EEN le W•SENSE plean stóinsithe gnó a ullmhú agus iasacht bhainc EUR 500 000 a fháil ó cheann de na hidirghabhálaithe le haghaidh scéim ráthaíochta iasachta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas. D'fhreastail W•SENSE ar imeachtaí de chuid EEN freisin chun a naisc idirnáisiúnta a threisiú.

Chuir tacaíocht EEN ar a chumas do W•SENSE cur lena láimhdeachas agus deiseanna fostaíochta a chruthú san Iodáil agus ar fud na hEorpa. 'Mhéadaigh ár gcuideachta a méid faoi dhó go 23 dhuine atá lonnaithe i dtrí thír san Eoraip,' arsa Chiara Petrioli, Príomhfheidhmeannach W•SENSE. Tá oifigí aige anois san Iodáil, san Iorua agus sa Ríocht Aontaithe agus d'éirigh leis conarthaí ilbhliantúla a fháil le príomhpháirtithe leasmhara in earnáil an dobharshaothraithe, earnáil na cosanta, earnáil an fhuinnimh agus earnáil an chomhshaoil. 'Táimid ag fás go tapa, agus meastar go mbainfear amach ráta fáis bliantúil cumaisc thart ar 70 % sna 5 bliana amach romhainn,' a dúirt Petrioli. 'Tugann an Líonra tacaíocht leanúnach dúinn.'

Tugtar tuairisc ghairid ar thionscadail, go háirithe braislí agus tionscadail turasóireachta a thacaíonn le spriocanna digitithe agus inbhuanaitheachta, in Iarscríbhinn 4 thíos.

Iarscríbhinn 4 – Rannchuidiú leis an aeráid, leis an inbhuanaitheacht, leis an digitiú agus le spriocanna inscne

1. An aeráid

Tuairiscíodh rannchuidiú le cuspóirí príomhshruthaithe aeráide le haghaidh go leor gníomhaíochtaí. Tugtar roinnt samplaí thíos:

Cuidíonn EEN le FBManna aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an aeráid ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, cuidíonn sé leo an nuálaíocht a úsáid le bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus acmhainní, trí dhramhaíl a laghdú agus ídiú fuinnimh a íoslaghdú, rud a ligeann dóibh a lorg CO₂ a laghdú. Tá grúpaí earnála agus téamacha ag an líonra freisin a dhíríonn ar thógáil inbhuanaithe, ar fhuinneamh cliste, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar ciorclach. Déanann breis agus 200 sainchomhairleoir gnó de chuid EEN speisialtóireacht i saincheistanna a bhaineann leis an aeráid, amhail an geilleagar ciorclach, fuinneamh cliste, tógáil inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí glasa⁴⁵.

D'infheistigh **Saoráid Chothromais d'Fhás COSME** EUR 6,7 milliún i gciste caipitil fiontair a bhfuil a ghníomhaíochtaí dírithe ar theicneolaíochtaí glana.

https://www.eif.org/what_we_do/equity/single_eu_equity_instrument/cosme_efg/intermediaries.pdf.

Le linn na clárthréimhse ar fad, d'éascaigh EFG COSME infheistíocht de bhreis agus EUR 62 mhilliún in FBManna a fheidhmíonn in earnáil an fhuinnimh agus an chomhshaoil. Tháinig méadú breise ar infheistíochtaí san earnáil sin tar éis na clárthréimhse.

https://www.eif.org/what_we_do/equity/single_eu_equity_instrument/cosme_efg/cosme-efg-implementation-update.pdf.

In eagrán 2022 **den Fhlais-Eorabharaiméadar maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), éifeachtúlacht acmhainní agus margáí glasa** arna chistiú le buiséad 2020, féachtar ar fheidhmíocht agus ar ghníomhaíochtaí FBManna le go n-éireoidís níos tíosaí ar acmhainní, ar na bacainní a dtugann siad aghaidh orthu agus ar an acmhainneacht atá ag bearta beartais maidir le dlús a chur le haistriú glas FBManna. Tá an Eorabharaiméadar á úsáid le haghaidh ceapadh beartas chun tacú le FBManna leis an aistriú glas, i gcomhréir le Straitéis Tionsclaíochta an Aontais arna tabhairt cothrom le dáta (lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na conairí aistrithe). Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí an Mhárta 2022: [FBManna, éifeachtúlacht acmhainní agus margáí glasa – Mí an Mhárta 2022 – suirbhé Eorabharaiméadair \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/en/press-communications/attachment-data/file/20220301_eu_economy_report_en.pdf).

Faoin scéim **Clusters Go International**, pléann 6 as an 12 thionscadal le hábhair a bhaineann leis an athrú aeráide. I gcás trí cinn de na tionscaddail, meastar go gcaitear EUR 1,6 milliún ar spriocanna aeráide (40 % den bhuiséad iomlán i gcomhair na dtionscaddail sin):

⁴⁵ Díríonn an tuarascáil faireacháin seo ar sheirbhísí de chuid EEN arna gcómhaoiniú trí chlár COSME. Chuir EEN sraith seirbhísí sainithe breise ar fáil freisin le tacaíocht ón gclár Fís 2020 (príomhseirbhísí bainistithe cuntais don ionstraim FBManna, agus seirbhísí chun cuidiú le FBManna feabhas a chur ar a n-acmhainní bainistithe nuálaíochta).

- ESECA: tionscadal i gcomhair FBManna Eorpacha in earnálacha **an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-eangach cliste** chun cuidiú leo straitéis chomhpháirteach idirnáisiúnaithe a fhorbairt le spriocanna coiteanna i dtaobh na hAfraice fo-Shaharáí;
- ICBuild: tionscadal lena gcuirtear borradh faoin idirnáisiúnú **don chiorclaíocht sa timpeallacht tógála**;
- euWater4i-SD: an tionscnamh Eorpach maidir le clisteacht ó thaobh bainistiú **Uisce** de chun Forbairt Inbhuanaithe Idirnáisiúnta a chothú.

Ina theannta sin, pléann na tionscadail seo a leanas le hábhair a bhaineann leis an athrú aeráide freisin:

- REC-N-COMP: idirnáisiúnú **teicneolaíochtaí Eorpacha próiseála i gcomhair comhábhair atá bunaithe ar ábhair athchúrsáilte agus táirgí deireadh ré**;
- H2Global: tionscadal dírithe ar an Eoraip a shuí mar cheannaire domhanda teicneolaíoch agus tionsclaíoch i ngeilleagar **na hidrigine glaise**;
- AEWEN: tionscadal chun líonra **uisce agus fuinnimh Afracach-AE** a chruthú.

Tá tuilleadh eolais ar na tionscadail sin go léir ar fáil ar an Ardán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha⁴⁶.

Cuireadh **an t-ardán digiteach do Líonra na gCeannaitheoirí Poiblí** le tacaíocht ó bhuiséad 2020 i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023. Tacaíonn sé sin le comhar 10 ngrúpa de ‘cheannaitheoirí móra’ chun faisnéis chomhpháirteach a fhorbairt maidir le riachtanais shonracha soláthair (lena n-áirítear painéil ghréine). Meastar go bhfuil 40 % (EUR 400 000) de bhuiséad an tionscadail (EUR 1 000 000) tiomnaithe do ghníomhaíocht ar son na haeráide.

Cumhdaíodh inbhuanine comhshaoil freisin sa **staidéar ar chuideachtaí meánchaipitlithe**, lena n-áirítear gníomhaíocht a rinne cuideachtaí meánchaipitlithe chun cur lena n-inbhuanine comhshaoil (tomhaltas fuinnimh a laghdú, athchúrsáil, etc.) agus na príomhdhúshláin atá rompu sa réimse sin.

2. Rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Rannchuidíonn go leor tionscadal de chuid COSME le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe iomadúla. Mar shampla:

Forbraíodh an uirlis ‘**Tionscnaimh le haghaidh Timpeallacht Thógtha**’ chun tacú leis an aistriú chuig inbhuanaitheacht in earnáil na tógála agus le timpeallacht thógtha chuimsitheach. Úsáidtear í chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar athchóirithe náisiúnta agus ar chláir infheistíochta poiblí a bhaineann le tógáil a dhéanann tíortha AE-27 faoina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Rannchuidíonn an tionscadal seo le SDG 1 (tithíocht inacmhainne), SDG 3 (timpeallacht thógtha ardcháilíochta), SDG 5 (forbairt scileanna), SDG 7 (nasc le rabharta athchóirithe agus tionscnaimh eile), SDGanna 8 agus 9 (iomaíochas, nuálaíocht, táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht thionscal tógála an Aontais), SDGanna 11 agus 15 (an timpeallacht thógtha), SDG 13 (éifeachtúlacht fuinnimh) agus SDG 16 (athchóirithe institiúideacha).

Scórchlár Iomaíochais Thionscal Aeráidneodrachta na hEorpa a dtugtar tuairisc air sa roinn thíos maidir le SDG 13, rannchuidíonn sé freisin le SDG 7 (fuinneamh inacmhainne

⁴⁶ <https://profile.clustercollaboration.eu>

agus glan) trí mheasúnú a dhéanamh ar réitigh fuinnimh ghlain agus le SDG 9 (tionscal, nuálaíocht agus bonneagar) trí dhíriú ar fheabhas a chur ar athléimneacht an bhonneagair, measúnú a dhéanamh ar réitigh aeráidneodracha atá ag teacht chun cinn i gcomhair éiceachórais thionsclaíocha éagsúla agus díriú ar réitigh nuálacha atá ag teacht chun cinn.

SDG 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe)

Áirítear ar na bearta ábhartha seirbhísí **an Líonra Fiontar Eorpach** chun cuidiú le FBManna fás inbhuanaithe a bhaint amach, na gníomhaíochtaí éagsúla chun tacú le **braislí** agus **Misin Geilleagair Shóisialta na hEorpa** (bearta áitiúla nó réigiúnacha chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht a bhí in aon réimse fócais amháin de na misin sin).

SDG 9 (tionscal cuimsitheach agus inbhuanaithe, nuálaíocht agus bonneagar athléimneach)

Thacaigh **an Líonra Fiontar Eorpach** le FBManna maidir lena n-aistriú chuig samhlaigh gnó ciorclacha agus maidir le teicneolaíochtaí atá níos glaise agus atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid. Bhí dul chun cinn maith déanta ag an líonra i dtreo seirbhísí inbhuanaitheachta lánfheidhme a chur i bhfeidhm mar ullmhúchán don líonra nua ó 2022 ar aghaidh⁴⁷.

Tacaíodh le SDG 9 freisin trí bhearta éagsúla le haghaidh braislí. Mar shampla, cuidíonn an tionscadal **EVOLUTE** sa **chlár Eorpach um Barrfheabhas Braislí** le braislí i dtionscal na ngluaisteán agus an innealra talún borradh a chur faoina bhfeidhmíocht trí scileanna a neartú agus trí fhios gnó sé bhraisle san Eoraip a dhoimhniú. Tacaíonn an tionscadal sin freisin le cur chun feidhme na scéime ClusterXChange chun an comhar idirnáisiúnta, an comhar earnála agus an comhar trasearnála a éascú idir braislí, FBManna agus eagraíochtaí móra. Cuidíonn sé sin le cuideachtaí agus le fostaithe ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo agus cuidíonn sé le **nuálaíocht a chothú le haghaidh táirgí agus seirbhísí den chéad scoth**.

Dhírigh na tionscadail le haghaidh **Comhghuaillíochtaí Straitéiseacha chun Ardteicneolaíochtaí a ghlacadh ag FBManna ar mhaithe le téarnamh eacnamaíoch** ar chuidiú le FBManna nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun feidhme freisin. Faoin nglao sin thacaigh an **tionscadal 'ReStartSMEs'** le FBManna monaraíochta oiriúnú do shlabhraí luacha agus d'éileamh nua de dheasca COVID-19.

SDG 12 (patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe)

An tionscadal WORTH chun borradh a chur faoi iomaíochas agus nuálaíocht FBManna i dtionscail stíle maireachtála, cuireann sé le SDG 12. Sa dara glao ar thograí le haghaidh comhpháirtíochtaí FBManna, díriodh ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: an geilleagar ciorclach, úsáid éifeachtúil fuinnimh agus acmhainní, an t-aistriú i dtreo táirgeadh agus tomhaltas níos inbhuanaithe; an nuálaíocht shóisialta agus an cuimsiú sóisialta; agus an lorg carbóin a laghdú. Mar shampla, is é is aidhm

⁴⁷ Mar thoradh air sin, cruthaíodh Comhairleoirí Inbhuanaitheachta EEN ó 2022 ar aghaidh. Ó bhí tús 2022 ann cumhdaíonn measúnú EEN ar chliant is FBManna (an pointe tosaigh chun na seirbhísí a theastaíonn ó FBM a shainiú) an tsraith iomlán de na gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha. Déantar an inbhuanaitheacht a phríomhshruthú ar fud gach seirbhíse de chuid EEN lena n-áirítear nuálaíocht agus rochtain ar airgeadas. Cumhdaíonn na seirbhísí nua sin de chuid EEN réimsí éagsúla amhail bainistíú dramhaíola agus uisce, úsáid fuinnimh ghlain, faireachán agus tuairisciú ar chearta an duine, cearta oibríthe, sábháilteacht agus sláinte.

don choincheap *Framiore Capsule* cur le luach saoil éadaí ban, trí bhail éadaigh ardchaighdeán a thairiscint nach dtéann as dáta, mar aon le gnéithe chun bail éadaigh a shaincheapadh agus a oiriúnú, agus clár deisiúcháin agus trádála⁴⁸.

Tacaíonn cuid de na **tionscadail turasóireachta** atá ar siúl faoi láthair freisin le spriocanna inbhuanaitheachta agus aeráide, lena n-áirítear, mar shampla, **an tionscadal TourINN-act**⁴⁹.

Leis na **tionscadail um idirnáisiúnú braislí**, cumhdaítear patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta in earnálacha éagsúla freisin, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh agus uisce, réitigh atá cliste ó thaobh bainistiú uisce de, agus fuinneamh in-athnuaite agus eangacha cliste).

SDG 13 (gníomhaíocht ar son na haeráide)

Beart ábhartha amháin is ea **Scórchlár Iomaíochais de chuid Thionscal Aeráidneodrachta na hEorpa** a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar sheasamh iomaíoch an Aontais maidir le 28 réiteach aeráidneodracha. Leis an obair sin sainaitnítear láidreachtaí agus laigí gach réitigh ar bhonn 10 gcrítear shonracha. Tacóidh na torthaí le lucht déanta beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun gníomhaíochtaí tacaíochta níos spriocdhírthe a fhorbairt. Tá cistiú iomlán an Aontais don ghníomhaíocht sin (EUR **430 000**) tiomnaithe go hiomlán do spriocanna aeráide. Chuir torthaí an tionscadail leis na doiciméid bheartais seo a leanas cheana féin agus déantar tagairt dóibh iontu:

- An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta (COM(2023) 161, SWD(2023) 68 final) *Measúnú ar riachtanais infheistíochta agus infhaighteachtaí cistiúcháin chun acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais a neartú*, lgh. 55, 74, 76, 103;
- An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta (COM(2023) 161, SWD(2023)68, lch. 10);
- Eagrán 2021 agus 2022 den tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hiomaíochas na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain (COM(2021)952 final) – agus doiciméid tacaíochta – agus (COM(2022)643 final)
- **Scórchlár Iomaíochais Thionscal Aeráidneodrachta na hEorpa**, ba chun leasa go leor tuarascálacha ón bhFaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain é freisin (https://setis.ec.europa.eu/publications/clean-energy-technology-observatory-ceto/ceto-reports-2022_en). Tá an tuarascáil deiridh le foilsiú i mí Mheán Fómhair 2023.

Rannchuidíonn EEN, WORTH agus Tionscnaimh le haghaidh Timpeallacht Thógtha le SDG 13 freisin (féach freisin an ceannteideal thuas maidir le gníomhaíocht ar son na haeráide).

An ghné shóisialta de SDGanna

Baineann gné shóisialta le roinnt gníomhaíochtaí agus tionscadal de chuid COSME (bearta a bhaineann leis an ngeilleagar sóisialta, agus bearta le haghaidh fiontraithe ban agus grúpaí fiontraithe sonracha eile). Baineann gné shóisialta le tionscadail agus gníomhaíochtaí eile de chuid COSME atá leabaithe sna cuspóirí inbhuanaitheachta agus iomaíochais níos leithne dá gcuid (e.g. cuid de na tionscadail turasóireachta agus an tionscadal WORTH a luaitear thuas).

⁴⁸ https://worth-partnership.ec.europa.eu/projects/framiore-capsule-collection_en

⁴⁹ <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/projects-details/31059643/101038173/COSME>

Rinneadh an chéad ghlaio ar thograí le haghaidh comhpháirtíochtaí FBManna le haghaidh **WORTH** a ailíniú leis an Bauhaus Eorpach Nua. Rannchuidigh sé leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí chur le feasacht agus/nó forbairt réiteach a rannchuidíonn le timpeallachtaí maireachtála níos áille, níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí. Díríonn roinnt tionscadal braislí ar spriocanna sóisialta; áirítear orthu sin **an tionscadal EXCELIVING faoin scéim Barrfheabhas na mBraislí, a dhíríonn ar thimpeallacht mhaireachtála atá cliste, sláintiúil, atá fabhrach do dhaoine scothaosta agus inbhuanaithe**. Cuidíonn an tionscadal le braislí atá gníomhach sna réimsí sin athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis agus seirbhísí nua a fhorbairt agus soláthraíonn sé staidéir, cuairteanna, seimineáir ghréasáin agus gníomhaíochtaí meaitseála a dhíríonn ar na réimsí sin.

3. Rannchuidiú le spriocanna digiteacha

Tacaíonn roinnt gníomhaíochtaí leis an digitiú i gcomhar le spriocanna eile. Áirítear orthu sin na gníomhaíochtaí braislí agus an iarraidh ar dhigitiú, ar nuálaíocht agus ar theicneolaíochtaí nua sa turasóireacht trí chomhar trasnáisiúnta agus trí fhothú acmhainneachta.

Laistigh de na glaonna sin, bhí roinnt tionscadail aonair dírithe go sonracha ar an digitiú. Mar shampla, tacaíonn an **tionscadal turasóireachta DigiTOUR AE** le FBManna turasóireachta na hEorpa atá ag titim chun deiridh ina n-aistriú digiteach agus cuireann sé feabhas ar an gcomhar san éiceachóras turasóireachta chun réitigh, táirgí, seirbhísí, scileanna agus samhla nua gnó a fhorbairt atá nua agus nuálach agus a bhaineann leis an turasóireacht chliste trí úsáid a bhaint as **an intleacht shaorga, idirlíon na rudaí nithiúla, an réaltacht fhíoriúil, an réaltacht bhreithe agus mórshonraí**. Is é EUR 999 963 an méid deontais uasta le haghaidh an tionscadail sin. Tá naoi n-eagraíocht chomhpháirtíochta ó chúig thír páirteach sa tionscadal (an Chróit, an Ghearmáin, an Iodáil, an tSeirbia agus an tSlóivéin).

Sampla eile is ea an tionscadal turasóireachta **EURO_EMOTUR**. Tugtar aird ar leith sa tionscadal ar theicnící néarmhargáíochta chun cur le cáil dhigiteach FBManna agus chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht agus a bpríomhtháscairí feidhmíochta sa ghearrthearma agus san fhadtearma araon. Tá sé chomhpháirtí i gcúig thír ag an tionscadal leanúnach (an Bheilg, an Fhionlainn, an Iodáil, an Ríocht Aontaithe agus an Spáinn), arb é EUR 563 236 an méid deontais uasta AE lena aghaidh.

Faoin tionscnamh **Líonra na gCeannaitheoirí Poiblí** (conradh seirbhíse), déileálann ceann de na 10 ngrúpa ‘ceannaitheoirí móra’ a fhaigheann tacaíocht ón **ardán digiteach** leis an intleacht shaorga. Cuidíonn an t-ardán sin le ceannaitheoirí poiblí faisnéis chomhpháirteach a fhorbairt maidir le riachtanais shonracha soláthair sa réimse seo agus oibriú ar chomhráitis éilimh.

Is é is aidhm don tionscadal um Barrfheabhas na mBraislí EPIX borradh a chur faoi shármhaitheas na mbraislí a dhéileálann le cathracha cliste. Tá tionscadal eile um Barrfheabhas na mBraislí, MEDIC NEST, ag oibriú chun meiteabhraisle Eorpach a chruthú i réimse an bheachtleighis. Áirítear leis an tionscadal scéim de chuid ClustersExchange chun cros-toirchiú agus malairtí taithí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha a spreagadh. Tá tionscadail braislí ann freisin lena ndírítear ar an digitiú in earnálacha amháil an earnáil

agraibhia (an tionscadal AgriFoodX5.0), an earnáil faisin (an tionscadal CLOTH) agus an earnáil gluaisteán agus innealra talún (an tionscadal EVOLUTE)⁵⁰.

4. Rannchuidiú le spriocanna príomhshruthaithe inscne

Cé nach ndéantar foráil maidir le cuspóir/sprioc shonrach inscne i mbunús dlí COSME, cuirtear an ghné sin san áireamh i ngach gníomhaíocht.

I gcás EFG agus LGF, déantar gné na hinscne a rianú sna hanailísí débhlantúla a dhéanann an Ciste Eorpach Infheistíochta. Léiríonn an anailís is déanaí ó 2020 an méid seo a leanas ó 2019 ar aghaidh:

- tá bean amháin ar a laghad i bpost feidhmiúcháin ag beagnach 2 as 10 FBM a fhaigheann tacaíocht chothromais trí EFG COSME;
- tá príomhoifigeach feidhmiúcháin, bainisteoir ginearálta nó stiúrthóir cuideachta ar bean í ag beagnach 4 as 10 FBM a fuair tacaíocht airgeadais fiachais trí LGF COSME.

Bhí gníomhaíocht amháin de chuid COSME ann dírithe go hiomlán ar fheabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha agus fiontraíochta cailíní agus ban (ESTEAM). Tá tuilleadh eolais le fáil i bpointe 2.4 thuas.

Is mná iad 57 % de chomhordaitheoirí EEN, agus is fir iad 43 % díobh. Tá grúpa tiomnaithe ag EEN freisin a thacaíonn le fiontraíthe ban agus a sholáthraíonn seirbhísí comhpháirtíochta agus comhairleacha atá sainoiriúnaithe dá gcuid riachtanas.

Chruthaigh clár COSME deiseanna freisin do ghnólachtaí in earnálacha amhail an faisean agus an geilleagar sóisialta a bhfuil an cháil orthu go meallann siad céatadán ard fiontraíthe ban.

⁵⁰ Tá tuilleadh eolais ar na tionscadaí sin go léir ar fáil ar: <https://clustercollaboration.eu/>